Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2021
(OR. en)

13196/1/21
REV 1

COH 59

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rannchuidiú na gclár um beartas comhtháthaithe leis an téarnamh, an inbhuaine iomaíoch, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an athléimneacht agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach – na dúshláin agus na deiseanna sna blianta amach romhainn<br>= Díospóireacht bheartais |

Ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta dírithe ar an mbeartas comhtháthaithe an 18 Samhain, iarrfar ar na hairí atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe treoir pholaitiúil bhreise a thabhairt maidir le rannchuidiú na gclár um beartas comhtháthaithe leis an téarnamh, an inbhuaine iomaíoch, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an athléimneacht agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach – na dúshláin agus na deiseanna sna blianta amach romhainn, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**Iarscríbhinn**

**Páipéar cúlra – an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (Comhtháthú) an 18 Samhain 2021**

***Rannchuidiú na gclár um beartas comhtháthaithe leis an téarnamh, an inbhuaine iomaíoch, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an athléimneacht agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach***

**Na dúshláin**

Le blianta beaga anuas, tá laghdú ag teacht ar na héagsúlachtaí réigiúnacha san Aontas le cóineasú suntasach sna leibhéil OTI. Mar sin féin, mar gheall ar thionchar na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais in 2008, ní hionann an dul chun cinn ó shin i leith agus, ina theannta sin, tá míshocraíochtaí nua ann de dheasca ghéarchéim COVID-19. Go háirithe, cé go raibh an cóineasú láidir i gcónaí i mBallstáit an Oirthir, tháinig meath ar go leor réigiún meánioncaim i ndeisceart an Aontais agus ar roinnt réigiún meánioncaim i mBallstáit an iarthuaiscirt, i gcomparáid leis an Aontas, rud a léiríonn gur féidir an dul chun cinn a aisiompú.

Chuidigh an beartas comhtháthaithe go mór le cuid mhaith de na héagothromaíochtaí sin a laghdú. Measann seirbhísí an Choimisiúin go raibh tionchar suntasach ag cláir 2014-2020 um beartas comhtháthaithe ar an OTI in aghaidh an duine, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, agus meastar go dtiocfaidh méadú 2.6 % breise orthu sin. Tugtar le fios i réamh-mheastacháin go dtiocfaidh laghdú 3.5 % ar an mbearna idir na réigiúin is saibhre agus na réigiúin is boichte (is ionann gach ceann acu agus 10 % de dhaonra an Aontais).

De dheasca phaindéim COVID-19, cuireadh romhainn sraith dúshlán nach bhféadfadh duine roimhe seo a shamhlú maidir le comhtháthú críochach an Aontais i gcoitinne. Cé go bhfuil sé róluath tionchar phaindéim COVID-19 ar réigiúin an Aontais a mheas ina iomláine, tugann na meastacháin tosaigh le fios go ndéanfaidh an phaindéim an difear is mó do na réigiúin i ndeisceart an Aontais, agus go háirithe do na réigiúin sin ag a bhfuil sciar mór dá mbreisluach sa trádáil mórdhíola agus miondíola, san iompar agus sa chóiríocht.

Fiú roimh phaindéim COVID-19, bhí roinnt dúshlán struchtúrach fadtéarmach ag geilleagar an Aontais. Éireoidh cuid acu sin níos géire sna blianta amach romhainn. Go háirithe, tiocfaidh laghdú ar an soláthar saothair mar gheall ar shochaí atá ag dul in aois go tapa agus, dá bhrí sin, beidh laghdú ar acmhainneacht fáis an Aontais. Leanann méadú táirgiúlachta lag de bheith ina bhac ar an bhfás agus tá an Eoraip go maith taobh thiar den tSín agus de na Stáit Aontaithe ó thaobh an chlaochlaithe dhigitigh de. Anuas air sin, i ngeall ar lucht saothair ar bheagán oideachais, cuirtear bac ar an bhfás eacnamaíoch, rud a fhágann go bhfuil sé deacair breith suas leo sin ó thaobh na táirgiúlachta de. Ar deireadh, beidh costais mhóra shóisialta agus eacnamaíocha ann mar thoradh ar an aistriú aeráide, a mbeidh tionchar críochach míchothrom ag baint leis.

Ní hamháin gur mór idir leochaileacht réigiúin an Aontais ó thaobh na ndúshlán sin de ach, ina theannta sin, níl siad réitithe chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach cothrom ach oiread. Fágann sé sin go bhféadfadh méadú teacht ar na héagothromaíochtaí sna blianta amach romhainn. Go háirithe, déanann dídhaonrú leanúnach difear do réigiúin in oirthear an Aontais agus do roinnt réigiún i ndeisceart an Aontais go príomha. Imreoidh an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach tionchar ar na críocha sin atá ag brath go mór ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta agus eastósctha agus ar thionscail charbóin agus dianfhuinnimh, rud a bheidh mar bhonn agus mar thaca le réasúnaíocht an tSásra um Aistriú Cóir. Meastar freisin go mbuailfidh an t-ardú ar phraghsanna carbóin agus fuinnimh na réigiúin is forimeallacha, trína gcostais nasctha leis an margadh inmheánach a mhéadú.

Go ginearálta, tá ceantair thuaithe an-leochaileach. Tá an pobal sna ceantair sin níos sine cheana féin, ar an meán, ná an pobal sna bailte, sna bruachbhailte agus sna cathracha. Is féidir leis na treochtaí déimeagrafacha sin, in éineacht le heaspa nascachta, dúshláin a bhaineann le bonneagar agus táirgiúlacht agus rochtain íseal ar sheirbhísí poiblí, lena n-áirítear oideachas agus cúram, cur le mealltacht níos ísle na limistéar tuaithe mar áiteanna cónaithe agus oibre.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, athléimneacht gheilleagair réigiúnacha an Aontais a neartú agus a bhfreagrúlacht ar shuaitheadh neamhshiméadrach a fheabhsú. Go háirithe, tugadh chun suntais a bhuí leis an bpaindéim go bhfuil réigiúin atá ag brath go mór ar roinnt earnálacha monaraíochta nó seirbhíse thar a bheith leochaileach. Beidh gá le héagsúlú breise a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha réigiúnacha, faoi stiúir straitéisí um speisialtóireacht chliste, infheistíocht san oideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus tacaíocht leanúnach do thiomántóirí fáis eacnamaíoch, a bheidh slán i bhfad na haimsire.

**Na deiseanna**

Chun aghaidh a thabhairt sna blianta amach romhainn ar an meascán dúshlán sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le pacáiste ollmhór tacaíochta cistithe trí acmhainní Next Generation EU a chomhcheangal le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Trí na hionstraimí comhlántacha atá ar fáil agus sásraí comhordúcháin éifeachtacha a chur in iúl mar is ceart, beidh na Ballstáit in ann na tairbhí a uasmhéadú ó chistiú comhtháthaithe 2014-2020 atá fágtha, ó Thionscnamh REACT-EU, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ó leithdháiltí nua an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027, lena n-áirítear an maoiniú ón gCiste um Aistriú Cóir. Cuirfidh an meascán ionstraimí sin ar chumas na mBallstát a ngeilleagair agus a sochaithe a dhéanamh níos athléimní agus níos ullmhaithe don todhchaí agus, ag an am céanna, cuirfear leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

Mar sin féin, má bhíonn an tAontas Eorpach ina iomláine níos láidre agus níos athléimní, ní bheidh sé éifeachtach ach mura bhfágfar aon duine nó aon réigiún ar lár. Gan an ráthaíocht dlúthpháirtíochta ionsuite sin, tá baol ann go mbeidh fás neamhchothrom, neamh-inbhuanaithe ann, agus go mbainfí an bonn den mhuinín as an daonlathas, as luachanna Eorpacha agus as an tionscadal Eorpach é féin.

Chun na críche sin, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar “staid na n-áiteanna atá fágtha ar lár” – is é sin le rá, áiteanna ina bhféadfadh sé tarlú gur fhág an domhandú agus an t-athrú teicneolaíoch oidhreacht díthionsclaithe, díghrádú comhshaoil agus gaistí scileanna ísle ina ndiaidh. Ar an gcaoi chéanna, tá sé ríthábhachtach ról na gcathracha beaga agus na mbailte a neartú, ionas gur féidir leo gníomhú mar lárionaid réigiúnacha a thacaíonn le ceantair thuaithe chomharsanacha; rochtain a sholáthar ar réimse seirbhísí poiblí agus príobháideacha; agus peirspictíochtaí eacnamaíocha nua a chruthú do réigiúin bheagfhorbartha agus fhorimeallacha. Is éard atá i gceist leis sin leas a bhaint as deiseanna do cheantair thuaithe freisin, ag tógáil ar a gcuid sócmhainní nádúrtha amhail acmhainní nádúrtha go háirithe don fhuinneamh inathnuaite, don bhithgheilleagar, do tháirgeadh agus próiseáil bia inbhuanaithe agus don turasóireacht, gan ach roinnt acu a lua. Is iad nascacht fheabhsaithe, éagsúlú níos láidre gníomhaíochtaí eacnamaíocha, athléimneacht fheabhsaithe an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus shóisialta – i gcomhthéacs pobal áitiúil cumhachtaithe – na nithe is mó a thugann aghaidh ar na dúshláin sin go rathúil.

Tacaíocht do bheartais áitbhunaithe, a bhfuil straitéisí forbartha críoch saincheaptha mar bhonn taca leo agus atá daingnithe i sásraí comhpháirtíochta éifeachtacha, bhí sí ina bunchloch i gcónaí de shamhail rialachais an bheartais chomhtháthaithe. Mar sin féin, tá gá le sásraí comhordúcháin éifeachtacha le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena saothraítear cuspóirí éagsúla agus lena n-úsáidtear modhanna seachadta éagsúla.

***Ceisteanna le plé***

- Conas is féidir an beartas comhtháthaithe a chomhcheangal le hionstraimí eile de chuid an Aontais chun éagothromaíochtaí forbartha a laghdú a thuilleadh agus chun athléimneacht a fheabhsú sa mheántéarma agus san fhadtéarma?

- Conas is féidir, ar bhealach cuí, aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla na réigiún agus na gcríoch aonair agus conas is féidir cur chun feidhme chistí an Aontais a thabhairt níos gaire do na tairbhithe agus do na saoránaigh?